Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2171(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2022 (2023/2171(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) gur dlíthiúil agus rialta ar gach slí is ábhartha na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) don bhliain airgeadais 2022; ag cur suntas sa bharúil ón gCúirt faoi rátaí arda de thabhairt anonn a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla, a tharlaíonn arís agus arís eile agus arb ionann a méid agus EUR 6,4 milliún (26 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 a bhí ar fáil a thabhairt anonn go 2023; ag cur suntas sa bharúil ón gCúirt go bhfuil rátaí arda de thabhairt anonn, a tharlaíonn arís is arís eile, ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus gur léiriú iad ar shaincheisteanna struchtúracha i bpróiseas an bhuiséid agus sa timthriall cur chun feidhme; ag cur suntas i bhfreagra FRA ina sonraítear go bhfágann an creat sonrach ina n-oibríonn FRA go bhfuil sé deacair caiteachas oibríochtúil a ghealladh níos luaithe sa bhliain agus go bhfuil sé deacair tabhairt anonn a sheachaint go hiomlán; á chur i bhfáth go gcoimeádann FRA cur chun feidhme maith buiséid, agus olltoradh níos airde ná 99 % aige le deich mbliana anuas;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil cúnamh á thabhairt ag FRA maidir le treocht a shainaithint i réimsí an fhrith-idirdhealaithe, na hintleachta saorga, a mhéid a rannchuidíonn sí le reachtóireacht níos fearr a dhéanamh agus a chur chun feidhme trí chomhairle reachtach agus beartais a sholáthar maidir le hábhair amhail cearta leanaí, cearta íospartach, sceimhlitheoireacht a chomhrac, cosaint sonraí, frithchiníochas, frithsheimíteachas, mionlaigh eitneacha, daoine LGBTIQ agus grúpaí leochaileacha eile;

3. ag aithint fhreagairt thapa FRA ar ionradh na Rúise ar an Úcráin lena n-áirítear a bheith ar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais ag an teorainn, faireachán a dhéanamh ar chúrsaí agus tuarascáil, dhá fheasachán, suirbhé ar líne a ullmhú; á chur in iúl gur geal léi freagairt thráthúil FRA ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le cearta bunúsacha amhail treoir ghinearálta FRA ina thuarascáil maidir le ‘Sásraí neamhspleácha náisiúnta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ag teorainneacha seachtracha AE’; cúnamh a thabhairt do Bhallstáit AE maidir le sásraí náisiúnta a chur ar bun nó a neartú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach, agus coimircí a áirithiú chun neamhspleáchas an tsásra a ráthú; á mheabhrú go gceanglaítear leis an dlí idirnáisiúnta go gcaithfear go neamh-idirdhealaitheach le gach dídeanaí;

4. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh leanúnacha FRA chun sineirgí ar fud ghníomhaireachtaí an Aontais agus a ról comhordaithe i réimse tionscnamh le líonra gníomhaireachtaí CGB, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le cosaint sonraí agus foréigean inscnebhunaithe, a chothú; ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gurb ann do dhlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an gCósta Teorann (Frontex), eadhon comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Fhóram Comhairliúcháin Frontex agus ag

freastal ar chruinnithe Bhord Bainistíochta Frontex mar shaineolaí ar chearta bunúsacha; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), do Frontex agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) maidir le cearta bunúsacha agus úsáid córas TF i réimse na dteorainneacha agus na slándála; á chur in iúl gur mór aici an rannpháirtíocht san obair i réimse na slándála le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol); á chur in iúl gur geal léi an comhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) chun ullmhú d'obair allamuigh do Shuirbhé II maidir le Foréigean in aghaidh na mBan;

5. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur sháraigh FRA a spriocanna eochairtháscaire feidhmíochta den chuid is mó agus gur choinnigh sé ardleibhéal sástachta i measc geallsealbhóirí; á chur in iúl gur geal léi, in 2022, go ndearna FRA 28 bhfoilseachán, 3062 aschur taighde, 342 ionchur i scríbhinn nó ó bhéal a chur amach, chomh maith le 134 chruinniú agus imeacht a eagrú nó a chomheagrú, agus go ndearnadh 4319 dtagairt do thaighde FRA sna meáin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh rannpháirtíocht mhéadaithe sna meáin shóisialta in 2022;

6. á chur in iúl gur geal léi ardleibhéal sástachta na ngeallsealbhóirí leis na gníomhaíochtaí a rinne FRA chun comhar a chur chun cinn tríd an Ardán um Chearta Bunúsacha in 2022; á chur in iúl gur mór aici gur eagraigh FRA réimse imeachtaí, lena n-áirítear an ceathrú hIdirphlé maidir le Cearta Bunúsacha le daoine óga, chomh maith le ceardlanna agus seimineáir ghréasáin eile chun cearta, luachanna agus saoirsí a chur chun cinn;

7. ag aithint ról FRA maidir leis an mbonneagar náisiúnta um chearta an duine a chumhachtú, trí chomhar a dhéanamh agus sineirgí a chruthú le hinstitiúidí um chearta an duine agus leis an gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí na sochaí sibhialta; ag cur suntas ina chuid comhairle leanúnach i réimse an tearmainn agus na himirce, le forléargais rialta a thugann aghaidh ar na Ballstáit maidir le hábhair imní faoi chearta bunúsacha a bhaineann le himirce; á chur in iúl gur geal léi ról FRA maidir le hinsint atá bunaithe ar chearta an duine a chothú trí chumarsáid éifeachtach a fhorbairt, trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt feidhmchlár agus uirlisí digiteacha nua, agus trí ghníomhaithe chearta an duine a thabhairt le chéile chun luachanna agus saoirsí Eorpacha a chur chun cinn;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 47 –: 9 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

47	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
An Chlé	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

9	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Milan Uhrík

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh